Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ar ceangal den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus costais na Seirbhíse Chúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an bPríomhchiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.612 milliún faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998, maireann téarma oifig an Bhoird trí bliana. Bunaíodh an Bord reatha ar 9 Samhain 2017. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh a luacháil***

I 2016, glacadh leis an mbeartas ina luacháiltear foirgnimh phoiblí ar bhunús costas dímheasta athsholáthair agus cuireadh tús le clár luachála foirgneamh ar an mbunús seo. Is é costas dímheasta an athsholáthair an costas reatha ar an tsócmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus gach foirm ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Luaitear foirgnimh atá á n-úsáid nach ndearnadh a athluacháil go fóill ar a gcostas stairiúil. Luacháiltear talamh agus foirgnimh nach bhfuil á n- úsáid ach a theastaíonn d'fhorbairt amach anseo ar luach margaidh/luach cóir.

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid chothroim thar a saolré ionchais measta, ag tosú sa mhí a cuireadh sa tseirbhís.

Dímheastar foirgnimh ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Is é seo a an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna riaracháin, tuairisciú ar bhainistíocht agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina sanntar freagracht maidir le bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas iomchuí buiséadta i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht sinsearach athbhreithniú ar bhonn rialta
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Ar an iomlán, tuairiscíodh fiche a sé socrú faoi Chiorclán 40/02 in 2018 ar a raibh luach iomlán €3,371,070 (gan CBL a áireamh). Miondealaítear mar seo a leanas iad:

- Meastar neamh-iomaíoch agus neamhchomhlíontach 8 gconradh ar luach €343,519 iad toisc gur síneadh iad thar téarmaí na conarthaí bunaidh.
    - Is ann do 3 chás ar luach iomlán €95,904 iad ina bhfuil soláthar ar siúl faoi láthair agus meastar go gcuirfear i gcrích é in 2019.
    - Tháinig 2 chás ar luach iomlán €81,844 iad chun solais de dheasca mar gheall ar mhoilleanna aistrithe nuair a bhíothas ag aistriú chuig soláthraithe nua fóntais. I gcás ceann amháin díobh seo, tá conradh nua i bhfeidhm anois.
    - Maidir leis na 3 cás eile ar luach €165,771 iad, rachfar i ngleic le dhá cheann díobh in 2019 agus ba chás sheirbhís aon uaire i 2018 an gcás eile.
- Meastar neamh-iomaíoch agus neamhchomhlíontach trí chás ar luach €1,215,533 iad. Tharla na moilleanna ó thaobh próiseas soláthair a thosú de bharr cúrsaí a tháinig chun cinn maidir le conarthaí lárnacha arna gcur i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais agus Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.
- Meastar neamh-iomaíoch agus neamhchomhlíontach 8 gceannachán ar luach €1,812,018 iad toisc gur ceannacháin dhílseánaigh iad.

***An coiste iniúchóireachta agus riosca***

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Fo- choiste is ea an Coiste sin de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste ná maoirseacht, comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus don Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/an tOifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe ar réimse ceisteanna, iomláine na rialaithe inmheánacha airgeadais ina measc. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé clár oibre bliantúil na hIniúchóireachta Inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá hobair, agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach. Déanaimse, agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Thug dhá thuarascáil iniúchóireachtaí inmheánacha easnaimh chun suntais i ndáil leis na nósanna imeachta tuairiscithe a úsáideach chun tacú le héilimh ar fhreastal breise chun luach saothair breise áirithe a fháil. Táthar ag dul i ngleic leis na heasnaimh sin faoi láthair.

***Rialachas***

Tá an dea-rialachas ina chuid bhunúsach d'fheidhmiú na Seirbhíse. Ar aon dul le Caighdeán na Státseirbhíse um Rialachas Corparáideach nuashonraíodh an Creat um Rialachas Corparáideach reatha. Leagtar amach anseo an bonn reachtúil ina bhfeidhmímid, lena n-áirítear socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht, iniúchóireacht agus socruithe árachais. Foilsíodh an creat seo in 2016. Tá Comhaontú Maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna chomh maith leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tháinig an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá creat rialachais láidir ag an tSeirbhís Chúirteanna agus comhlíonann sí príomhghnéithe an chóid nua ar a ndéantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, chun seirbhís chomhroinnte airgeadais a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta ábhartha na seirbhísí siúd go bhfeidhmítear na rialaithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSeirbhís Chúirteanna.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu seo de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí (FBS) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí corparáideacha. Buan-earra is ea Bainistíocht Riosca do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus déanann an Príomhoifigeach Riosca tuairisciú leis an mBord ar oibríochtaí na bainistíochta riosca. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa Chlár na rialaithe reatha, na gníomhartha a bheartaítear a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialaithe do chomhaltaí sonracha foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an FBS, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialaithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Seirbhíse curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den tSeirbhís atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2018 ar eascair, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Iniúchadh Inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a threisiú, go háirithe i limistéir an bhonneagair TFC, feidhmchláir Thacaíochta Córas Gnó agus Soláthair.

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

18 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2019

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

# Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 131,575 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 601 | | | |
| | | | 138,176 | 135,003 | 133,115 |
| | **Ollchaiteachas** | | **138,176** | **135,003** | **133,115** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 47,969 | | | |
| | *Forlíontach* | 600 | | | |
| | | | **48,569** | **49,508** | **49,093** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 83,606 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **89,607** | **85,495** | **84,022** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime feidhmithe atá faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh ar aghaidh go 2019 €2.5 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndail le gnéithe caipitil den fho-cheannteideal A.4.

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 4,111,785 | 8,230,508 |
| Géilleadh iarchurtha | (2,500,000) | (6,000,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,611,785** | **2,230,508** |

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais chláir | | 40,840 | 44,519 |
| Pá | | 52,524 | 50,052 |
| Neamhphá | | 41,639 | 38,544 |
| **Ollchaiteachas** | | **135,003** | **133,115** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **49,508** | **49,093** |
| **Glanchaiteachas** | | **85,495** | **84,022** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (4,250) | | |
| Dímheas | 7,230 | | |
| | | 2,980 | 690 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méaduithe i bhfabhruithe deiridh | 466 | | |
| Laghdú ar stoc | 16 | | |
| | | 482 | (73) |
| **Caiteachas díreach** | | **88,957** | **84,639** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí ghaolmhara (nóta 1.1) | | 49,308 | 43,684 |
| Measchíosanna [a] | | 3,481 | 3,315 |
| **Glanchostas chláir** | | **141,746** | **131,638** |

Nóta [a] Measchíos d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht an OOP agus á áitiú ag an tSeirbhís Chúirteanna

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 180 | 180 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,802 | 11,070 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,714 | 113 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 101 | 121 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | 196 | 180 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 292 | 276 |
| Príomhchiste – Tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha | 34,023 | 31,744 |
| | **49,308** | **43,684** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 213,046 | 218,021 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 4,530 | 26,511 |
| Stoic | 2.4 | 226 | 242 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,712 | 2,610 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,846 | 1,517 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,406 | 1,359 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 10,720 | 32,239 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 3,329 | 1,791 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 2,788 | 20,705 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 3,148 | 7,166 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | 9,265 | 29,662 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,455 | 2,577 |
| **Glansócmhainní** | | **214,501** | **220,598** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **214,501** | **220,598** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 220,598 | 195,704 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | | 89,607 | | |
| Barrachas le géilleadh | | (1,612) | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (2,500) | | |
| Vóta glan | | | 85,495 | 84,022 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 49,308 | 43,684 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| – measchíos | 1 | | 3,481 | 3,315 |
| – athluachálacha | 2.2 | | (165) | 25,901 |
| – aistriú sócmhainní | 2.2 | | (2,470) | (390) |
| Glanchostas chláir | 1 | | (141,746) | (131,638) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **214,501** | **220,598** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh[a] | Trealamh TF agus oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 272,646 | 45,867 | 32,624 | 1,837 | **352,974** |
| Breiseanna | 7 | 1,927 | 34 | 2,922 | **4,890** |
| Tugtha in úsáid | 232 | 1,597 | — | (1,829) | **—** |
| Aistriú sócmhainne chuig gníomhaireachtaí eile [c] | (3,200) | — | — | — | **(3,200)** |
| Coigeartuithe athluachála | (165) | — | — | — | **(165)** |
| Diúscairtí | — | (6) | (2) | — | **(8)** |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 269,520 [b] | 49,385 | 32,656 | 2,930 | **354,491** |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 62,150 | 41,198 | 31,605 | — | **134,953** |
| Dímheas don bhliain | 5,261 | 1,749 | 220 | — | **7,230** |
| Dímheas ar shócmhainní a aistriú chuig gníomhaireachtaí eile [a] | (730) | — | — | — | **(730)** |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (6) | (2) | — | **(8)** |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 66,681 | 42,941 | 31,823 | — | **141,445** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **202,839** | **6,444** | **833** | **2,930** | **213,046** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 210,496 | 4,669 | 1,019 | 1,837 | 218,021 |

Nótaí

[a] Foráiltear in alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 go n-aistrítear chuig an tSeirbhís Chúirteanna teideal dlíthiúil maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.

[b] Tá 48 foirgneamh agus 4 shuíomh ag an tSeirbhís Chúirteanna faoi láthair. Astu siúd, rinneadh athluacháil ar 40 foirgneamh agus 4 shuíomh. Ní dhearnadh athluacháil ar bith in 2018. Déanfar breithniú ar luacháil a dhéanamh ar na 7 teach cúirte réigiúnacha CPP le linn 2019.

[c] In 2018, aistríodh Teach Cúirt Chill Mhaighneann ar a bhfuil glanluach de réir na leabhar €2.33 milliún chuig an OOP agus Teach Cúirte Bhéal Átha hAmhnais ar a bhfuil glanluach de réir na leabhar €140,000 chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | 3,641 | 25,641 |
| Cuntais bhainc thráchtála eile [a] | 889 | 870 |
| | **4,530** | **26,511** |

Nóta [a] Is ionann seo agus na hiarmhéideanna a bhain leis an Státchiste de chuid na gcuntas bainc a bhíonn á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna ag 31 Nollaig gach bliain. Ní áirítear an t-iarmhéid cuntais €7.68 milliún (€6.4 milliún in 2017) ina bhfuil fáltais nach mbaineann leis an Státchiste, go príomha, a bhaineann le lóisteálacha faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgead bannaí agus fáltais bhosca déirce de chuid na gcúirteanna.

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 170 | 161 |
| Tomhaltáin | 19 | 14 |
| Nithe ilghnéitheacha | 37 | 67 |
| | **226** | **242** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 1,148 | 1,030 |
| Tuarastail ar fhorchúiteamh | 20 | 137 |
| Earraí fionraí dochair eile | 214 | 173 |
| Óinchistí | 24 | 19 |
| | **1,406** | **1,359** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 760 | 749 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 39 | 17 |
| Cáin Bhreisluacha | 82 | 16,503 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 378 | 381 |
| Táillí Cúirte a bailíodh thar ceann vótaí eile | — | 1,487 |
| Fíneálacha | 323 | 353 |
| Cistí atá le tabhairt suas don Státchiste [a] | 889 | 870 |
| | 2,471 | 20,360 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 316 | 344 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 1 | 1 |
| | **2,788** | **20,705** |

Nóta [a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhaineann leis an Státchiste de chuid na gcuntas bainc a bhíonn á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna ar an 31 Nollaig gach bliain.

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 1,612 | 2,230 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,500 | 6,000 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (964) | (1,064) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **3,148** | **7,166** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 4,530 | 26,511 |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | 1,406 | 1,359 |
| | 5,936 | 27,870 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,471) | (20,359) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (317) | (345) |
| | (2,788) | (20,704) |
| | **3,148** | **7,166** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | | |
| TFC | 2,091 | 2,453 |
| Léasanna | 13,599 | 17,154 |
| Iasacht athchóirithe [a] | 10,809 | 12,666 |
| CPP | 748,780 | 287,299 |
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | **775,279** | **319,572** |

Nóta [a] Tógadh amach an t-iasacht chun íoc as athchóiriú Theach na Cúirte, Sráid Washington, Corcaigh. Nochtar príomhghné (caipiteal) na hiasachta seo atá fós amuigh ag deireadh na bliana, is é sin €9.195 milliún (2017: €10.575 milliún) faoi cheangaltais chaipitil ilbhliantúla. Baineann iarmhéid an cheangaltais le hús.

**Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal | Ceangaltas carnach go dtí 31 Nollaig 2017 | Caiteachas i 2018 | Ceangaltais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2018 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iasacht athchóirithe i leith Theach na Cúirte, Sráid Washington | 14,425 | 1,380 | 9,195 | 25,000 | 25,000 |

**Costas caipitil an tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| Ainm an Tionscadail CPP | Ceangaltas carnach go dtí an 31 Nollaig 2017 | Caiteachas in 2018 | Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta atá le teacht | Iomlán an tionscadail 2018 | Iomlán an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 189,398 | 21,056 | 386,283 | 596,736 | 599,196 |
| Beart CPP [a] | 18,480 | 14,744 | 371,397 | 395,721 | 396,875 |
| **Iomlán** | **207,878** | **35,800** | **757,680[b]** | **992,457** | **996,071** |

Nótaí [a] I mí Iúil 2012, d'fhógair an Rialtas pacáiste infheistithe lena n-áirítear 7 tionscadal ar thithe cúirte. Rinne an tSeirbhís Chúirteanna conradh leis an tairgeoir roghnaithe i mí na Nollag 2015. Cuireadh trí cinn de na tionscadail CPP (Loch Garman, Leitir Ceanainn agus Droichead Átha) i gcrích in 2017 agus cuireadh na ceithre tionscadal eile (Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus an Muileann gCearr i gcrích go hiomlán in 2018. Rinneadh foráil i gconradh na dtionscadal CPP d'éilimh, go speisialta i ndáil le lochtanna neamhfhollasa i bhfoirgnimh stairiúla. I mí Bealtaine 2019, thángthas ar chomhaontú leis an soláthraí conartha €8.9 milliún (gan CBL a áireamh) a íoc ar bhonn céimnithe thar an tréimhse trí bliana 2019-2021.

[b] Áirítear leis na ceangaltais €757.680 milliún atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh sna blianta atá le teacht táillí aonadacha uile amach anseo.

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh ann do dhliteanais aibithe neamhscaoilte ag deireadh na bliana (2017 - €12,100).

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 53,975 | | | |
| | | *Forlíontach* | (962) | | | |
| | | | | 53,013 | 52,524 | 50,052 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 3,013 | | | |
| | | *Forlíontach* | 53 | | | |
| | | | | 3,066 | 3,355 | 3,072 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 6,291 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,686 | | | |
| | | | | 7,977 | 7,498 | 6,376 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 2,003 | | | |
| | | *Forlíontach* | 847 | | | |
| | | | | 2,850 | 2,876 | 2,852 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 8,774 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 881 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,465 | | | |
| | | | | 11,120 | 12,313 | 10,900 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 16,576 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,414) | | | |
| | | | | 15,162 | 15,509 | 15,251 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | | | | | |
| | | *Méid bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | 26 | | | |
| | | | | 126 | 88 | 93 |
| | | | | **93,314** | **94,163** | **88,596** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach anseo thíos na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an vóta.

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Meastachán bunaidh: €53.975 milliún, toradh: €52.524 milliún

Baineann an choigilt €1.451 milliún ar chaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais le moilleanna ar phoist a líonadh i dtimpeallacht earcaíochta chasta agus dhinimiciúil, in éineacht le costas ní b'ísle athsholáthair foirne. Laghdaíodh an meastachán bunaidh €53.975 milliún ag forlíonadh €962,000 go €53.013 milliún, chun íoc as an gcostas a bhí ar éilimh bhreise a raibh coinne leo ar chostais reatha neamhphá.

*ii* *Taisteal agus cothabháil*

Meastachán bunaidh: €3.013 milliún, toradh: €3.355 milliún

Bhí an barrachas €342,000 ar chaiteachas ar thaisteal agus cothabháil mar gheall ar uainiú na n-éilimh a rinneadh. Méadaíodh an meastachán bunaidh go €3.066 milliún ag forlíonadh €53,000. Ba é €3.355 milliún an toradh deiridh, 11% ní b'airde ná an meastachán bunaidh.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Meastachán bunaidh: €6.291 milliún, toradh: €7.498 milliún

Tharla an barrachas €1.207 milliún ar oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha de bharr na nithe seo a leanas:

- Méadú ar chostais seirbhísí ateangaireachta agus an mhíleáiste ghaolmhair atá i gcomhréir anois le rátaí reatha an mhargaidh.
- Deacracht ó thaobh chaiteachas ar an gCóras Taifeadta Dhigitigh a thuar toisc gur sheirbhís é atá bunaithe ar éileamh.
- Éilimh ar chúiteamh mar aon leis na costais dlíthiúla ghaolmhara atá deacair a thuar, i ngeall ar a gcineál.
- Costas na bliana iomláine i ndáil le táillí bainc.
- Tacaíocht conartha shealadach

Chuir forlíonadh méadú €1.686 milliún ar an meastachán bunaidh €6.291 milliún go €7.977 milliún. Ba é €7.498 milliún an toradh deiridh, 19% ní b'airde ná an meastachán bunaidh.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Meastachán bunaidh: €2.003 milliún, toradh: €2.876 milliún

Tharla an barrachas €873,000 ar sheirbhísí poist agus teileachumarsáide de bharr na ruda seo a leanas:

- Méadú ar ghnáthrátaí poist agus costais méadair.
- An mhoill atá fós ann maidir le haistriú líonra gutháin na Seirbhíse Cúirteanna ó Líonra Achair Fhairsing (LAF) chuig néal-líonra an Rialtais, a raibh súil leis go gcruthódh sé coigilteas.

Chuir forlíonadh méadú €0.847 milliún ar an meastachán bunaidh €2.003 milliún go €2.850 milliún.

Ba é €2.876 milliún an toradh deiridh, 44% ní b'airde ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán bunaidh.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Meastachán bunaidh: €9.655 milliún, toradh €12.313 milliún

Ba mar thoradh ar na nithe seo a leanas a tharla an barrachas €2.658 milliún ar chaiteachas:

• Costais TFC €1.107 milliún a bhaineann le athnuachan na Físchomhdhála.

• Caiteachas breise €1.551 milliún i ndáil leis an mbonneagar reatha TFC a uasghrádú.

Chuir forlíonadh méadú €1.465 milliún ar an meastachán bunaidh €9.655 milliún chun soláthar athbhreithnithe de €11.120 milliún a thabhairt sna meastacháin. Bhí an toradh deiridh €12.313 milliún 28% ní b'airde ná an meastachán bunaidh agus 11% ní b'airde ná an soláthar athbhreithnithe sna meastacháin.

*vi* *Costais áitreabh na hoifige*

Meastachán bunaidh: €16.576 milliún, toradh €15.509 milliún

Tharla an choigilt €1.067 milliún ar chaiteachas ar chostais áitreabh na hoifige mar gheall ar an moill a bhí le roinnt tionscadail chothabhála teach cúirte a bhí beartaithe don bhliain 2018 a chur i gcrích. Chuir forlíonadh €1.414 milliún laghdú ar an meastachán bunaidh €16.576 milliún anuas go €15.162 milliún. Ba é €15.509 milliún an toradh deiridh, 6% ní b'airde ná an meastachán bunaidh.

## Clár A Na Cúirteanna a bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 53,975 | | | |
| | *Forlíonadh* | (962) | | | |
| | | | 53,013 | 52,524 | 50,052 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 36,757 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 881 | | | |
| | *Forlíonadh* | 2,663 | | | |
| | | | 40,301 | 41,639 | 38,544 |
| A.3 | Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 4,880 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,383 | | | |
| | | | 6,263 | 5,041 | 3,992 |
| A.4 | Costais CPP | | | | |
| | *Méid bunaidh* | 35,963 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,736 | | | |
| | *Forlionadh* | (1,100) | | | |
| | | | 38,599 | 35,799 | 40,527 |
| | | | **138,176** | **135,003** | **133,115** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí caiteachas maidir le Clár A €2.572 milliún ní ba lú ná mar ar cuireadh ar fáil dó. Áirítear leis sin róchaitheamh €4.001 milliún ar A.2 a mhínítear roimhe seo. Is ionann an t-iarmhéid sin agus tearc-chaitheamh €6.573 milliún a mhínítear thíos:

*A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)*

Meastachán bunaidh: €6.263 milliún, toradh €5.041 milliún

Áirítear leis an meastachán bunaidh gné ar fiú é agus €1.383 milliún den chaipiteal réamhíoctha ó 2017. Ba í an mhoill a bhí ar láithreáin a cheannach ba chúis leis an tearc-chaitheamh €1.222 milliún in éineacht leis an moill ar na deisiúcháin ar dhíon Theach Cúirte an Náis. Ba é €5.041 milliún an toradh deiridh, 20% ní ba lú ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán.

*A.4 Costais CPP*

Meastachán bunaidh: €39.699 milliún, toradh: €35.799 milliún

Áirítear leis an meastachán bunaidh €3.736 milliún den chaipiteal réamhíoctha ó 2017 a leithdháileadh do CBL CPP.

Ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an tearc-chaitheamh €3.9 milliún go príomha:

- Athleithdháileadh tearc-chaitheamh €1.1 milliún ón Íocaíocht Aonadacha Réigiúnacha CPP na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla chun costais TFC athnuachan na Físchomhdhála sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla.
- Bhí tearc-chaitheamh €2.5 milliún tuartha de bharr na moille a bhain le cur i gcrích na 7 suíomh CPP, nuair nár tabhaíodh an leithdháileadh iomlán dá bharr. Tugadh cead an suim sin a thabhairt anonn go 2019.

Bhí an toradh deiridh €35.799 milliún 10% ní ba lú ná an meastachán bunaidh.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí | | | | |
| | Méid bunaidh | 44,693 | | | |
| | Forlíonadh | 780 | | | |
| | | | 45,473 | 46,222 | 45,838 |
| 2 | Nithe ilghnéitheacha | | | | |
| | Méid bunaidh | 1,442 | | | |
| | Forlíonadh | (230) | | | |
| | | | 1,212 | 1,382 | 1,478 |
| 3 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | | |
| | Méid bunaidh | 1,834 | | | |
| | Forlíonadh | 50 | | | |
| | | | 1,884 | 1,904 | 1,777 |
| | **Iomlán** | | **48,569** | **49,508** | **49,093** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €1.539 milliún ní ba mhó ná an meastachán. Leagtar amach thíos na míniúcháin ar na hathruithe sin.

*1 Táillí*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €44.693 milliún, toradh: €46.222 milliún

Bhí an t-ioncam ó tháillí in 2018 €1.529 milliún ní b'airde ná an meastachán bunaidh mar thoradh ar na fáltais bhreise arna dtabhairt isteach ag Oifig an Scrúdaitheora.

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | Réadaithe | Réadaithe |
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 5,353 | 4,882 |
| Aisíocaíochtaí | (346) | (51) |
| Fíneálacha eile | 1,843 | 4,573 |
| Fáltais eile [a] | 135 | 68 |
| An t-iomlán a aistríodh chuig an Státchiste | (6,985) | (9,472) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

Nóta [a] Coimeádann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais cistí ón gCuntas Leachtaithe Cuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2018 le cistí a taisceadh i 2011. Is é iarmhéid na gcistí seo amhail an 31 Nollaig 2018 ná €2.735 milliún.

## 4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna /gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann i 2018.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| — Fíneálacha na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 848 | 956 |
| — Dleacht Mháil [b] | 4,884 | 4,933 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 13 | 10 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Cúrsaí Mara | 30 | 87 |
| An t-iomlán a aistríodh | (5,775) | (5,986) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

Nótaí

[a] Baineann airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t- ionchúisitheoir.

[b] Baineann airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 1,049 | 1,026 |

### 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 47,822 | 45,718 |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 155 | 101 |
| Liúntais eile | 951 | 953 |
| Ragobair | 295 | 282 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,301 | 2,998 |
| **Pá iomlán** | **52,524** | **50,052** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 51 | 3 | 22,878 | 13,975 |
| Liúntais eile | 245 | 12 | 19,585 | 19,585 |
| Ragobair | 181 | 6 | 20,950 | 22,550 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 67 | 6 | 22,154 | 24,405 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €79,018 ar an iomlán, i 2018 le beirt státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a bhí fostaithe ar feadh tréimhsí gearra i rith 2018. Tá an tsuim seo comhdhéanta de chostais phárolla €23,211 agus costais taistil agus chothabhála €55,807. Cuireadh an riail maidir le lacáiste pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.5 Costais a forchúitíodh

Forchúitíodh costais tuarastail €204,078 ó bhinsí agus ranna rialtais maidir le foireann ar iasacht.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí tuarastail

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €135,865 i ndáil le 154 duine (2017: €149,281, 121 duine). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i gcás €14,822 (69 cás) díobh sin.

## Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Costais dlí a dámhadh agus a íocadh** | **Costais dlí íoctha ag an tSeirbhís Chúirteanna** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh ag baill an phobail | 30 | 48 | 755 | 277 | 1,080 | 647 |

Nóta B'ionann íocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus costais chúitimh agus €802,530 . Áiríodh leo seo íocaíochtaí maidir le gníomhartha ar dhéileáil an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát leo, arb ionann iad agus €696,629 agus costais a bhain le himeachtaí, athbhreithnithe bhreithiúnaigh san áireamh, nuair ba pháirtí an tSeirbhís Chúirteanna leis na himeachtaí siúd.

### 6.2 Díscríobh agus soláthairtí

Le linn 2018, dhíscríobh Vóta 22 €4,721 i ndáil le botúin riaracháin (2017: €3,390).

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú ag an tSeirbhís Chúirteanna nach ndearnadh luacháil orthu

1 Cúirt Dúiche Chorcaí, Sráid Anglesea, Cathair Chorcaí (CPP)
2 Teach Cúirte Luimnigh, Sráid Mulgrave, Co. Luimnigh (CPP)
3 Teach Cúirte Dhroichead Átha, Lána Phádraig, Co. Lú (CPP)
4 Teach Cúirte an Mhuilinn Chearr, Sráid an Mhóta, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí (CPP)
5 Teach Cúirte Leitir Ceanainn, an tSráid Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall (CPP)
6 Teach Cúirte Phort Láirge, Sráid San Caitríona, Cathair Phort Láirge (CPP)
7 Teach Cúirte Loch Garman, Bóthar Belvedere, Loch Garman (CPP)
8 Teach Cúirte Dhún Dealgan, Dún Dealgan, Co. Lú